**Ordú na Cúirte Breithiúnais (Seachtú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Efeteio Athinon – an Ghréig) – VP, CX, RG, TR, agus páirtithe eile v Elliniko Dimosio**

**(Cás C-133/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 1999/70/CE – Comhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP – Clásal 4 – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile san earnáil phoiblí – Reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear difríocht sa chóir maidir le luach saothair idir oibrithe atá fostaithe faoi chonarthaí fostaíochta ar théarma seasta agus oibrithe atá fostaithe faoi chonarthaí fostaíochta buana – Éagmais boinn cirt – Coincheap na "gcúiseanna oibiachtúla")***

(2022/C 359/17)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Efeteio Athinon

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* VP, CX, RG, TR, agus páirtithe eile.

*Cosantóir:* Elliniko Dimosio

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór clásal 4(1) den Chomhaontú réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999, atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gcomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP, a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear nach bhfuil oibrí ar théarma seasta, a n-aicmítear a chonradh mar chonradh maidir le seirbhísí a sholáthar, i dteideal, faoin reachtaíocht sin, luach saothair a fháil atá coibhéiseach leis an luach saothair a íoctar le hoibrí buan ar an mbonn go ndearna sé a chuid oibre faoi chonradh téarma shocraithe lena fhios aige gur ceapadh an conradh sin chun freastal ar riachtanais bhuana agus fhadtéarmacha a fhostóra.

[1] IO C 206, an 31.05.2021

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Madrid (an Spáinn) a taisceadh an 27 Eanáir 2022 – MP v Consejería de Presidencia**

**(Cás C-59/22)**

(2022/C 359/18)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Superior de Justicia de Madrid

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* MP

*Cosantóir:* Consejería de Presidencia

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

(A) Chun críocha Chlásal 2 den chomhaontú a ghabhann le Treoir 1999/70/CE [1] ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP chun críche, cibé an bhfuil nó nach bhfuil oibrí "neamhbhuan ar chonradh tréimhse éiginnte" mar a shainmhínítear é san ordú sin, le meas mar "oibrí ar chonradh ar théarma seasta" a thagann faoi raon feidhme an Comhaontaithe Réime, agus go háirithe, i gClásal 5 de.